Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

2010

# Stair

Páipéar 2
Bonnsraith agus Ardsraith

**[G4602] [G4604]**

**DÉ CÉADAOIN 9 MEITHEAMH, MAIDIN**

G4602G4604

# LEABHRÁN ÁISEANNA

## Ábhair Fhoinse: An Caidreamh idir Cúba, SAM agus an APSS (USSR), 1959–1962

### Foinse A: Staraí na linne seo ag scríobh faoi ghníomhartha Castro i gCúba ó 1959 go 1961

Ba náisiúnaí é Fidel Castro a gheall go gcuirfeadh sé deireadh le spleáchas Cúba ar SAM agus go dtabharfadh sé leasuithe sóisialta isteach. In 1959 ghlac sé talamh ar le fir ghnó na SA é agus thug sé do thuathánaigh Chúbacha é. D'fhreagair rialtas na SA trí laghdú ar an mhéid siúcra a cheannaíodh sé ó Chúba. Nuair a ghabh Castro a thuilleadh sealúchais de chuid na SA, chuir Uachtarán Eisenhower cosc ar na hallmhairí siúcra uilig ón Chúba. Chuaigh Castro i gcomhairle leis an APSS a d'aontaigh go gceannódh siad an siúcra uilig a tháirgfí i gCúba. Thairg Khrushchev, ceannaire na Rúise, chomh maith go ndíolfadh siad innealllra agus ola na Rúise le Cúba. Nuair a ceapadh Kennedy ina Uachtarán in 1961 cuireadh ar an eolas é faoi phlean de chuid an CIA le hionradh a dhéanamh ar Chúba agus Castro a bhriseadh. Lig sé dóibh an plean a chur i bhfeidhm.

*The Cuban Missile Crisis, Peter Chrisp (Hodder Wayland, 2001) arna chur in oiriúint*

### Foinse B: Tugann Khrushchev míniú ar ghníomhartha an APSS i gCúba idir 1959 agus 1962

"Bhí dualgas orainn a chinntiú go mairfeadh an cumannachas i gCúba agus go gcosnófaí Castro. Ba dhea-shampla é do thíortha eile i Meiriceá Láir agus i Meiriceá Theas. Ba mhaith linn chomh maith ár dtarracóirí agus ár n-ola a dhíol le Cúba. Bhí smaoineamh amháin ag déanamh buartha dom i gcónaí – cad é a tharlódh dá gcaillfimis Cúba? Bhí a fhios agam gur thubaiste é don chumannachas agus don APSS. Bheadh ár gclú ar fud an domhain thíos go mór leis."

*Khrushchev Remembers, An Autobiography (1971) arna chur in oiriúint*

### Foinse C: Staraí na linne seo ag scríobh faoi na fáthanna a bhí le gníomhartha an APSS i gCúba idir 1959 agus 1962

Bhí Khrushchev ag tabhairt cuidiú airgeadais agus tacaíocht pholaitiúil do Castro agus do Chúba cheana féin. Chomh maith le cuidiú le Castro fanacht i gcumhacht, shocraigh sé (Khrushchev) go n-úsáidfeadh sé Cúba ar mhaithe leis an APSS. Ba mhaith leis bunáit Rúiseach a bhunú san oileán ar fad le go mbeadh diúracáin na Rúise ag bagairt go díreach ar SAM. Bhí súil aige go dtabharfadh sé seo ar na SAM a ndiúracáin a thabhairt amach as an Tuirc mar bhí go leor áiteanna san APSS faoina mbagairt.

*World Relations since 1945, Peter Calvocoressi (1996) arna chur in oiriúint*

**Foinse D: Grianghraf de Khrushchev agus Castro a glacadh nuair a thug Castro cuairt ar Mhoscó i ndiaidh Ghéarchéim Diúracán Chúba**



Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.